AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2024
COM(2024) 346 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, bia chun críoch speisialta míochaine agus ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, bia chun críoch speisialta míochaine agus ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú

1. Réamhrá

Comhlíonann an tuarascáil seo an oibleagáid a leagtar amach don Choimisiún le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú (dá ngairtear 'An Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha' anseo feasta)[1]. Leis an Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha bunaítear ceanglais chomhdhéanaimh agus faisnéise maidir le (a) bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, (b) bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin, (c) bia chun críoch speisialta míochaine agus (d) ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú. Bunaítear leis an Rialachán seo freisin liosta Aontais de shubstaintí a fhéadfar a chur le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí bia sin agus leagtar síos ann rialacha maidir leis an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta.

Le hAirteagal 18(2) den Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún leis an Rialachán sin. De bhun Airteagal 18(2), tugadh an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse tosaigh 5 bliana ón 19 Iúil 2013 ar aghaidh. Bhí ar an gCoimisiún tuarascáil a chur i láthair maidir le feidhmiú tharmligean na cumhachta a thugtar leis an Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana. Tá tarmligean na cumhachta le fadú go hintuigthe go ceann tréimhsí 5 bliana, ach amháin má chuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

Ghlac an Coimisiún an chéad tuarascáil ar fheidhmiú tharmligean na gcumhachtaí faoin Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha an 22 Lúnasa 2017[2].

2. Bunús Dlí

Le hAirteagal 18(2) den Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha leagtar síos na coinníollacha maidir leis an gcumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún le hAirteagal 11, Airteagal 15(6) agus Airteagal 16(1) den Rialachán sin.

[1] IO L 181, 29.6.2013, lch. 35.

[2] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú. COM(2017) 0438 final.

Le hAirteagal 11(2) den Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun ceanglais shonracha chomhdhéanaimh agus faisnéise a leagan síos maidir leis na catagóirí éagsúla Bia le haghaidh Grúpaí Sonracha. Tá na ceanglais sin leagtha amach faoi láthair sna Rialacháin seo a leanas:

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha maidir le comhdhéanamh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach do naíonáin agus maidir le faisnéis faoi na bainní foirmle sin agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le faisnéis a bhaineann le beathú naíonán agus leanaí óga[3],
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 ón gCoimisiún lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha maidir le comhdhéanamh bia chun críoch speisialta míochaine agus maidir le faisnéis faoin mbia sin[4] agus
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 ón gCoimisiún lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha maidir le comhdhéanamh ionadaigh ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus maidir le faisnéis faoin ionadach sin[5].

Le hAirteagal 15(6) den Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha cumhachtaítear an Coimisiún catagóir substaintí a chur leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán nó catagóir substaintí a bhaint di, Iarscríbhinn ina leagtar síos liosta an Aontais de shubstaintí a fhéadfar a chur leis na catagóirí sonracha bianna, chun dul chun cinn teicniúil, forbairtí eolaíocha nó cosaint shláinte an tomhaltóra a chur san áireamh.

Le hAirteagal 16(1) den Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán, chun an Iarscríbhinn a leasú a ghabhann leis an Rialachán ina leagtar síos liosta an Aontais de shubstaintí a fhéadfar a chur leis na catagóirí sonracha bianna.

3. An tarmligean a fheidhmiú

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha maidir le comhdhéanamh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach do naíonáin agus maidir le faisnéis faoi na bainní foirmle sin agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le faisnéis a bhaineann le beathú naíonán agus leanaí óga, IO L 25, 2.2.2016, lch. 1.

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha maidir le comhdhéanamh bia chun críoch speisialta míochaine agus maidir le faisnéis faoin mbia sin, IO L 25, 2.2.2016, lch. 30.

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha maidir le comhdhéanamh ionadaigh ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus maidir le faisnéis faoin ionadach sin, IO L 259, 7.10.2017, lch. 2.

3.1. Le linn na tréimhse dar tús an 22 Lúnasa 2017 go dtí seo, tá na naoi ngníomh tharmligthe seo a leanas glactha ag an gCoimisiún faoi Airteagal 11(2) den Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha:

a) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/828 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le vitimín D le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus ceanglais maidir le haigéad éarúcach le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach[6]

Glacadh an gníomh dlí sin an 14 Márta 2019 agus é de chuspóir aige an leibhéal is airde cosanta do naíonáin a áirithiú tríd an uaschion Vitimín D a cheadaítear i mbainne foirmle do naíonáin agus an t-uasleibhéal aigéid éarúcaigh le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a laghdú, ar bhonn na dtuairimí eolaíocha[7][8] ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA).

b) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/561 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a mhéid a bhaineann le ceanglais phróitéine maidir le bainne foirmle leantach[9]

Glacadh an Rialachán Tarmligthe sin an 12 Aibreán 2018, agus é de chuspóir aige a cheadú d'oibreoirí gnólachtaí bia comhdhéanamh bainne foirmle leantaigh a choigeartú trí níos mó solúbthachta a thabhairt isteach, agus leibhéal ard cosanta do shláinte naíonán á áirithiú an tráth céanna. Tugadh isteach leis coigeartuithe teicniúla ar cheanglais phróitéine a bhí ann cheana maidir le bainne foirmle leantach, ar bhonn na tuairime eolaíche[10] ó EFSA.

c) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/572 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/127 a mhéid a bhaineann le dáta chur chun feidhme forálacha áirithe de[11]

---

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/828 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le vitimín D le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus ceanglais maidir le haigéad éarúcach le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, IO L 137, 23.5.2019, lch. 12.

[7]Tuairim eolaíoch maidir le haigéad éarúcach i mbeatha ainmhithe agus i mbia, Aigéad éarúcach i mbeatha ainmhithe agus i mbia| EFSA (europa.eu)

[8] Tuairim eolaíoch maidir le Nuashonrú ar an uasleibhéal iontógála laethúla infhulaingthe le haghaidh vitimín D do naíonáin, Nuashonrú ar an uasleibhéal iontógála laethúla infhulaingthe le haghaidh vitimín D do naíonáin- - 2018 - Iris EFSA - Wiley Online Library

[9]Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/561 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a mhéid a bhaineann le ceanglais phróitéine maidir le bainne foirmle leantach, IO L 94, 12.4.2018, lch. 1.

[10]Tuairim eolaíoch maidir le sábháilteacht agus oiriúnacht chun úsáide bainní foirmle leantacha do naíonáin, bainní a bhfuil cion próitéine ar a laghad 1,6 g/100 kcal iontu, Tuairim eolaíoch maidir le sábháilteacht agus oiriúnacht chun úsáide bainní foirmle leantacha do naíonáin, bainní a bhfuil cion próitéine ar a laghad 1,6 g/100 kcal iontu EFSA (europa.eu)

[11] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/572 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/127 a mhéid a bhaineann le dáta chur chun feidhme forálacha áirithe de, IO L 120, 8.4.2021, lch. 4.

Le Rialachán (AE) 2016/127 bunaítear nach féidir bainní foirmle a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine a chur ar an margadh ach amháin tar éis do EFSA meastóireacht cás ar chás a dhéanamh ar a sábháilteacht agus a n-oiriúnacht. Níor ceanglaíodh an measúnú sin a dhéanamh faoi Threoir 2006/141/CE ón gCoimisiún roimhe sin maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach[12]. Glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/572 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2021 agus é de chuspóir aige aon suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith sa mhargadh a sheachaint trí theacht i bhfeidhm an cheanglais nua maidir le measúnú cás ar chás a dhéanamh ar bhainne foirmle hidrealaithe do naíonáin agus bainne foirmle hidrealaithe leantach a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127. Go deimhin, de dheasca phaindéim COVID-19 agus na géarchéime sláinte a bhain léi, bhí moilleanna nach raibh aon choinne leo ar mheasúnuithe eolaíocha a dhéanfadh EFSA ar an bhfoirmle. Trí theacht i bhfeidhm na gceanglas nua a chur siar bliain amháin, d'fhág sé sin nach mbeadh na táirgí neamhchomhlíontach leis na ceanglais nua gan ghá, táirgí a bhí ar an margadh go dlisteanach i gcomhréir le Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, agus nár tuairiscíodh aon éifeachtaí díobhálacha sláinte ina leith.

d) Rialacháin Tharmligthe (AE) 2022/519, (AE) 2023/589 agus (AE) …/.. ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais próitéine le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine[13,14,15]

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127, meabhraítear go measann EFSA, maidir le sábháilteacht agus oiriúnacht gach bainne foirmle a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine a bhunú, nach mór iad a bhunú le meastóireacht chliniciúil agus ceadaítear leis na bainní foirmle sin a chur ar an margadh a ndearna EFSA meastóireacht dhearfach orthu. Ghlac an Coimisiún trí ghníomh tharmligthe an 14 Eanáir 2022, an 10 Eanáir 2023 agus an 2 Feabhra 2024 agus é de chuspóir acu a cheadú bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a chur ar an margadh, bainní a mhonaraítear ó hidrealasáití próitéine a ndearna EFSA[16,17,18] meastóireacht orthu idir 2020 agus 2023 inar deimhníodh go raibh siad sábháilte agus oiriúnach ó thaobh cothaithe de do naíonáin.

---

[12] Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2006 maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach agus lena leasaítear Treoir 1999/21/CE, IO L 401, 30.12.2006, lch. 1.

[13] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/519 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais próitéine le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine, IO L 104, 1.4.2022, lch. 58.

[14] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/589 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais próitéine le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine, IO L 79, 17.3.2023, lch. 40.

[15] Rialachán Tarmligthe (AE) …/.. ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais a bhaineann le próitéin maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine,

[16] Sábháilteacht agus oiriúnacht chothaitheach hidrealasáite próitéine sonraí a dhíorthaítear ó thiúchan próitéine meidhg agus a úsáidtear i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach a mhonaraíonn Danone Trading ELN B.V ó phróitéin hidrealaithe, https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/6304

[17] Sábháilteacht agus oiriúnacht chothaitheach hidrealasáite próitéine sonraí a dhíorthaítear ó thiúchan próitéine meidhg agus a úsáidtear i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach a mhonaraíonn HIPP-

e) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2182 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le lipidí agus maidir le maignéisiam i leith ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú[19]

Glacadh an gníomh dlí sin an 30 Lúnasa 2022 agus é de chuspóir aige ceanglais áirithe a thabhairt cothrom le dáta, ar ceanglais iad maidir le comhdhéanamh ionadaigh ar an aiste bia iomlán le haghaidh táirgí ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, ar bhonn na tuairime eolaíche ó EFSA[20], agus dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch ábhartha á gcur san áireamh, lena n-áirítear sonraí a sholáthair páirtithe leasmhara.

f) Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le lotnaidicídí i mbia chun críoch speisialta míochaine a forbraíodh chun ceanglais chothaitheacha naíonán agus leanaí óga a chomhlíonadh[21] agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le lotnaidicídí i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach[22]

Ghlac an Coimisiún an dá ghníomh tharmligthe sin an 16 Aibreán 2021 agus é de chuspóir acu an sainmhíniú ar 'iarmhair lotnaidicídí' a ailíniú, sainmhíniú a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 agus foráiltear maidir leis an sainmhíniú atá níos beaichte i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[23] maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí.

3.2. Go dtí seo, níor agair an Coimisiún bunús dlí Airteagal 15(6) den Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha, mar níor comhlíonadh go fóill na coinníollacha maidir le catagóir substaintí a chur leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán nó a bhaint di.

Werk Georg Hipp OHG ó phróitéin hidrealaithe, https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2022.7141

[18] Sábháilteacht agus oiriúnacht chothaitheach hidrealasáite próitéine sonraí a dhíorthaítear ó thiúchan próitéine meidhg agus a úsáidtear i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach a mhonaraíonn FrieslandCampina Nederland B.V ó phróitéin hidrealaithe, https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/10.2903/j.efsa.2023.8063

[19] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2182 ón gCoimisiún an 30 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le lipidí agus maidir le maignéisiam i leith ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, IO L 288, 9.11.2022, lch. 18.

[20] Ráiteas maidir le faisnéis eolaíoch bhreise i ndáil le comhdhéanamh fíor-riachtanach an ionadaigh ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/6494

[21] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1040 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le lotnaidicídí i mbia chun críocha speisialta míochaine a forbraíodh chun ceanglais chothaitheacha naíonán agus leanaí óga a chomhlíonadh, IO L 225, 25.6.2021, lch. 1.

[22] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1041 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le lotnaidicídí i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach, IO L 225, 25.6.2021, lch. 4.

[23] Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle, IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

3.3 Le linn na tréimhse dar tús an 22 Lúnasa 2017 go dtí seo, tá na trí ghníomh tharmligthe thíos glactha ag an gCoimisiún faoi Airteagal 16(1) den Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha:

a) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/571 ón gCoimisiún lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha a mhéid a bhaineann leis an liosta de shubstaintí a fhéadfar a chur le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirme leantach, bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte[24]

   Ghlac an Coimisiún an gníomh tarmligthe sin an 20 Eanáir 2021 agus é de chuspóir aige liosta an Aontais de shubstaintí a fhéadfar a chur leis na catagóirí sonracha bia a thabhairt cothrom le dáta chun a údarú go gcuirfear L-meitiolfóláit chailciam leis mar fhoinse fóláite le haghaidh bainne foirmle do naíonáin, bainne foirmle leantach, bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin ar bhonn na tuairime eolaíche ó EFSA[25].

b) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/439 ón gCoimisiún lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha chun cead a thabhairt clóiríd riobóisíde nicitíonaimíde a úsáid mar fhoinse niaicine i mbia chun críoch speisialta míochaine agus in ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú[26]

   Ghlac an Coimisiún an gníomh tarmligthe sin an 16 Nollaig 2022 agus é de chuspóir aige liosta an Aontais de shubstaintí a fhéadfar a chur leis na catagóirí sonracha bia a thabhairt cothrom le dáta chun a údarú go gcuirfear clóiríd riobóisíde nicitíonaimíde leis mar fhoinse niaicine le haghaidh bia chun críoch speisialta míochaine agus ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, ar bhonn na tuairime eolaíche ó EFSA[27].

c) Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha chun úsáid cáiséanáite bainne iarainn a cheadú mar fhoinse iarainn in ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus i mbia chun críoch speisialta míochaine, seachas bia do naíonáin agus leanaí óga[28]

---

[24] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/571 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de shubstaintí a fhéadfar a chur le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirme leantach, bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte, IO L 120, 8.4.2021, lch. 1.

[25]Tuairim Eolaíoch maidir le L-meitiolfóláit chailciam mar fhoinse fóláite arna cur le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte chun críoch cothaitheach, https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2020.5947

[26] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/439 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cead a thabhairt clóiríd riobóisíde nicitíonaimíde a úsáid mar fhoinse niaicine i mbia chun críoch speisialta míochaine agus in ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, IO L 64, 1.3.2023, lch. 1.

[27] Tuairim Eolaíoch maidir le húsáid chlóiríde riobóisíde nicitíonaimíde a leathnú mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283, https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2021.6843

[28] Rialachán Tarmligthe (AE) …/... ón gCoimisiún lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun úsáid cáiséanáite bainne iarainn a cheadú mar fhoinse iarainn in ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus i mbia chun críoch speisialta míochaine

Ghlac an Coimisiún an gníomh tarmligthe sin an 29 Eanáir 2024 agus é de chuspóir aige liosta an Aontais de shubstaintí a fhéadfar a chur leis na catagóirí sonracha bia chun a údarú go gcuirfear cáiséanáit bhainne iarainn mar fhoinse iarainn le haghaidh ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus bia chun críoch speisialta míochaine, seachas bia do naíonáin agus do leanaí óga, ar bhonn na tuairime eolaíche ó EFSA[29].

4. Conclúid

Ó bhí an 22 Lúnasa 2017 ann, is minic a d'fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí tarmligthe a thugtar dó faoin Rialachán maidir le Bia do Ghrúpaí Sonracha. Tá gníomhartha tarmligthe glactha ag an gCoimisiún chun ceanglais shonracha a thabhairt cothrom le dáta maidir le comhdhéanamh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú freisin, ar bhonn na dtuairimí ó EFSA agus an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch ábhartha á chur san áireamh. Thairis sin, thug an Coimisiún cothrom le dáta liosta an Aontais de shubstaintí a fhéadfar a chur leis na catagóirí sonracha bia, ar bhonn na comhairle ó EFSA agus dul chun cinn teicniúil, forbairtí eolaíocha agus cosaint shláinte na dtomhaltóirí á gcur san áireamh. Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

[29] Sábháilteacht cáiséanáite bainne iarainn mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283 agus bhith-infhaighteacht iarainn ón bhfoinse sin i gcomhthéacs Threoir 2002/46/CE, https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/7549